

Ag Ateangaireacht
agus ag Aistriú **don**

Eoraip



Cad é an Coiste Idirinstitiúideach um Aistriúchán agus Ateangaireacht?

Is é an Coiste Idirinstitiúideach um Aistriúchán agus Ateangaireacht an fóram atá ann don chomhoibriú idir seirbhísí teanga institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh agus déileálann sé le roinnt mhaith de na saincheistanna iomadúla a bhfuil comhleas ag na rannóga aistriúcháin agus ateangaireachta éagsúla iontu.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag:

europa.eu

www.facebook.com/Interpreting.for.Europe.SCIC

[facebook.com/TranslatingForEurope](https://www.facebook.com/TranslatingForEurope)

www.youtube.com/user/DGInterpretation

www.youtube.com/user/DGINTE

ec.europa.eu/dgs/translation

www.facebook.com/pages/EU-Careers/298387676087


Teangacha sna hInstitiúidí Eorpacha

Ceithre cinn de theangacha a bhí á n-úsáid ag na hInstitiúidí Eorpacha i dtosach báire i 1958 agus anois oibríonn siad i 24 theanga oifigiúla agus, i gcásanna ar leith, i roinnt teangacha réigiúnacha ó Bhallstáit éagsúla, agus i dteangacha eile (an Rúisis, an Araibis, an tSínis, an tSeapáinis, etc.).

Mar eagraíocht dhaonlathach, tá ar AE cumarsáid a dhéanamh lena shaoránaigh ina dteanga féin. Is é a fhearacht sin é ag na rialtais náisiúnta agus ag na státseirbhísí náisiúnta, ag gnólachtaí agus ag eagraíochtaí eile ar fud AE. Tá sé de cheart ag muintir na hEorpa a bheith ar an eolas faoin méid atá á dhéanamh thar a gceann ionas go mbeidh siad in ann páirt ghníomhach a bheith acu.

Guth agus doiciméad ina theanga féin a thabhairt don uile dhuine ag an mbord, is bunriachtanas é sin de dhlísteanacht dhaonlathach an Aontais Eorpaigh. Níor cheart go dtiocfadh rud ar bith idir duine agus tuiscint nó dearcadh a chur in iúl le linn cruinnithe. Níor cheart gurbh iad na teangeolaithe is fearr a chaithfeadh ionadaíocht a dhéanamh ar shaoránaigh na hEorpa sa Bhruiséil, i Lucsamburg agus in Strasbourg: ba cheart go bhféadfadh na saoránaigh na saineolaithe is fearr a chur ann thar a gceann. Déanann ateangairí AE cinnte de go dtuigeann na saineolaithe a chéile.

Cuireann aistritheoirí AE doiciméid ar fáil i ngach ceann de na teangacha oifigiúla toisc go ritheann institiúidí AE dlíthe a bhfuil feidhm acu go díreach maidir le gach duine in AE. Caithfidh gach uile dhuine — daoine aonair, eagraíochtaí agus na cúirteanna — a bheith in ann meabhair a bhaint as na doiciméid sin. Ba cheart don dream seo uile a bheith in ann an próiseas reachtaíochta a leanúint ó thús deireadh ina dteanga féin agus, lena chois sin, ba cheart deis a bheith acu iad féin a chur in iúl do na hInstitiúidí ina dteanga féin.





Ateangaireacht

Freastalaíonn daoine ó chúlráí éagsúla agus ó chultúir éagsúla ar chruinnithe agus ar chomhdhála idirnáisiúnta, agus is minic teangacha éagsúla á labhairt acu. Is fearr i gcónaí an tacaíocht ghairmiúil chearta a bheith ann do na hócáidí seo seachas a bheith ag brath ar dhaoine a dtarlaíonn sé go bhfuil teangacha iasachta ar a dtoil acu. Cabhraíonn na hateangairí comhdhála leis na páirtithe leasmhara cumarsáid a dhéanamh lena chéile, ach ní hé go n-aistríonn siad focal ar fhocal gach a ndeir na páirtithe leasmhara; is amhlaidh a thraileann siad na smaointe a chuireann siad in iúl a chur trasna. Coimeádann siad rúndacht iomlán maidir lena gcloistear agus lena bhfeictear.

Tá ateangairí ar thús cadhnaíochta san ilteangachas, iad ag treabhadh leo lena chinntiú nach bac ar an tuiscint iad na teangacha. Is iad seirbhísí ateangaireachta an Aontais Eorpaigh na fostóirí is mó ar domhan atá ag na hateangairí comhdhála. San áit a mbíonn na haistritheoirí ag plé leis an bhfocal scríofa, bíonn na hateangairí ag baint brí as briathra an bhéil bheo. Tuigeann siad an rud a deirtear i dteanga amháin agus cuireann siad in iúl go cruinn agus láithreach bonn, beagnach, i dteanga eile é. Sa mhéid go n-éascaíonn siad an cumarsáid agus an plé idir daoine, is geall le droichid idir cultúir na hateangairí agus is minic i lár aonach an phróisis cinnteoireachta iad.

Tá dhá phríomhtheicnic ateangaireachta ann.

Is í an ateangaireacht iaruaíneach an chéad cheann de na teicnící sin. Leis an ateangaireacht iaruaíneach, bíonn a bhealach féin ag an ateangaire chun nótaí a bhreacadh agus an cainteoir ag caint, agus an t-aitheasc sin a thabhairt arís i dteanga eile a luaithe a bhíonn a chuid nó a cuid ráite ag an gcainteoir.

Is í an ateangaireacht chomhuíneach an dara ceann de na teicnící sin, agus is í a úsáidtear 90 % den am san ateangaireacht chomhdhála. Is é a tharlaíonn anseo go n-éisteann an t-ateangaire leis an gcainteoir agus go ndéanann sé nó sí ateangaireacht ag an am céanna, ag coinneáil suas leis an gcainteoir. Bíonn seomraí cruinnithe speisialta ag teastáil don chineál seo ateangaireachta, agus bothanna fuaimdhíonta iontu do na hateangairí chomh maith le trealamh leictreonach don aimplíú fuaim, don tarchur agus – go minic – don taifeadadh.

Bíonn éagsúlacht mhór sna socruithe teanga a bhíonn ann do chruinnithe idirnáisiúnta. D'fhéadfadh sé nach mbeadh i gceist ach ateangaireacht iaruaíneach idir dhá theanga, agus gan ach an t-aon ateangaire amháin ag teastáil, nó d'fhéadfadh sé go mbeadh ateangaireacht chomhuíneach i gceist, mar a bhíonn i gcás cruinnithe áirithe AE, agus ateangaireacht á déanamh ó 24 theanga nó níos mó agus go dtí na teangacha sin, rud a chiallóidh go mbeadh 72 ateangaire, ar a laghad, ag teastáil.

Aistriúchán



Is dream iad na haistritheoirí atá in ann droichead a thógáil idir pobail teanga. Is minic a deirtear gur ag snámh in aghaidh easa a bhíonn siad: iad ag iarraidh smaointe a fuineadh agus a scríobhadh i dteanga amháin a chur in iúl i dteanga eile, agus bealach a aimsiú le friotal a úsáid arb as ithir cultúir eile a fáisceadh é.

Má tá deacrachtaí teoiriciúla féin ann, is maith an uirlis chumarsáide é an t-aistriúchán. Tugann sé deis do na saoránaigh, i ndomhan ar dlúithe in aghaidh an lae ann na naisc atá eatarthu, baint agus páirt a bheith acu le chéile agus lámh a bheith acu i múnú na todhchaí atá rompu uile, agus é seo uile a dhéanamh gan a dteanga, ar cuid lárnach dá bhféiniúlacht í, a thréigean.

Is iad seirbhísí aistriúcháin institiúidí an Aontais na seirbhísí is mó ar domhan ó thaobh mhéid agus éagsúlacht na dteangacha de agus ó thaobh na dtéamaí a chlúdaítear iontu. Tá deiseanna gairme beatha den scoth sna seirbhísí aistriúcháin, i gceartlár na hEorpa.

Lasmuigh de na hinstitiúidí Eorpacha, is cuid lárnach é an t-aistriúchán de thionscal a bhfuil an-bhorradh go deo faoi agus a bhfuil raidhse gníomhaíochtaí ar siúl ann ó dhomhandú láithreán gréasáin go hoiriúnú logánta do lámhleabhair agus físchluichí, ón aistriú dlithiúil go fhotheidealú scannán agus físeán.

Má tháinig forbairt ar chúrsaí aistriúcháin, tháinig forbairt freisin ar na huirlisí ríomhchuidithe atá ann. Tá cuimhní aistriúcháin seanbhunaithe anois againn, agus iad á gcomhlánú ag Euramis, bunachar cuimhne idirinstitiúideach aistriúcháin AE. D'fhorbair an tAontas Eorpach bunachar sonraí IATE freisin don téarmaíocht uile a bhaineann le AE agus tá 8 milliún téarma agus 24 theanga oifigiúla AE á gcumhdach ann.

Cé gur mór a chuireann ríomhairí le táirgiúlacht agus cé gur maith ann iad le cur leis an gcáilíocht agus leis an gcomhsheasmhacht, tá an lán doirn daonna den cheird fós ag teastáil san ealaín anfhurasta seo.



Cén chaoi a dtéann duine le hateangaireacht?

Meastar gur trí chúrsa iarchéime a dhéanamh an bealach is fearr ag duine ateangaire comhdhála den scoth a dhéanamh de féin nó di féin. Tá an Mháistreacht Eorpach san Ateangaireacht Chomhdhála (European Masters in Conference Interpreting) ar cheann de na tagarmharcanna atá ann.

Is iomaí duine a shíleann go gcaithfidh tú a bheith dátheangach nó go gcaithfidh tú sé nó seacht gcinn de theangacha a bheith ar do thoil agat má tá tú ag iarraidh a bheith i d'ateangaire. Níl anseo ach scéal scéil: is go dtí an teanga ar léi a tógadh iad a dhéanann formhór na n-ateangairí comhdhála ateangaireacht!

Deiseanna gairme leis na seirbhísí ateangaireachta

Déanann an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) lárú ar na nósanna imeachta idirinstiúideacha roghnúcháin don fhoireann bhuan agus don fhoireann ar conradh araon. Coinnigh súil ar láithreán gréasáin EPSO agus feicfidh tú sonraí na gcomórtas a bheidh ann amach anseo d'ateangairí: europa.eu/epso
www.eu-careers.eu

Tá seirbhísí ateangaireachta dá gcuid féin ag Parlaimint na hEorpa, ag an gCoimisiún Eorpach, agus ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ach is i dteannta a chéile a dhéanann siad ateangairí foirne a earcú agus saor-ateangairí a roghnú.

Má tá fonn ort teacht ag obair leis na hInstitiúidí Eorpacha mar shaor-ateangaire, is é an chéad rud a bheidh le déanamh agat pas a fháil i dtrial idirinstiúideach creidiúnúcháin. Má éiríonn leat sa triail, cuirfear d'ainm agus do shonraí teagmhála i gcomhbhunachar sonraí AE de shaor-ateangairí creidiúnaithe. Féach: europa.eu/interpretation/index_en.htm

Gheobhaidh tú sonraí faoin tacar scileanna a bhíonn á lorg ag na hInstitiúidí Eorpacha ar láithreán gréasáin na Máistreachta Eorpaí san Ateangaireacht Chomhdhála – ar na leathanaigh sin a bhaineann le háit a fháil ar chúrsa: www.emcinterpreting.org

Cén chaoi a dtéann duine le haistriúchán nó le dlítheangeolaíocht?



Má tá tú ag iarraidh a bheith i d'aistritheoir, caithfidh tú do phríomhtheanga – agus is iondúil gurb í an teanga a bhí agat ón gcliabhán í – a bheith ar do thoil agat, ionas go mbeidh tú in ann na buntéacsanna uile a aistriú, is cuma cén réimse agus cén chaolchúis a bheidh i gceist.

Sa bhreis ar sháreolas a bheith agat ar na teangacha a mbeidh tú ag aistriú astu agus ar chultúr na ndaoine a labhraíonn iad, caithfidh tú freisin scileanna bainistíochta tionscadail, scileanna idirchultúrtha agus scileanna téamacha a bheith agat agus a bheith ar do chumas faisnéis agus téarmaíocht a chuardach chomh maith.

Má tá fonn ort dul i mbun aistriúcháin mar dhlítheangeolaí sa Chúirt Bhreithiúnais, caithfidh tú cáilíocht oiriúnach sa dlí a bheith agat ó cheann de na Ballstáit. Cinnteoidh sé seo go bhfuil cur amach agat ar an dlí náisiúnta agus ar chóras dlí an Bhallstáit sin. An teanga ar inti a rinne tú staidéar ar an dlí agus ar théarmaíocht an dlí, beidh sí ar do thoil agat. Anuas air sin, beidh ort an-chur amach a bheith agat ar dhá theanga eile de theangacha oifigiúla AE. Ba mhór ab fhiú duit Fraincis mhaith a bheith agat.

Deiseanna gairme leis na seirbhísí aistriúcháin

Déanann an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) lárú ar na nósanna imeachta idirinstiúideacha roghnúcháin don fhoireann bhuan agus don fhoireann ar conradh araon. Coinnigh súil ar láithreán gréasáin EPSO agus feicfidh tú sonraí na gcomórtas a bheidh amach anseo ann:

europa.eu/epso
www.eu-careers.eu

Tabhair faoi deara go bhfuil nósanna imeachta earcaíochta dá gcuid féin ag an mBanc Eorpach Infheistíochta, ag an mBanc Ceannais Eorpach agus ag an Ionad Aistriúcháin i Lucsamburg. Tarlaíonn sé freisin go dtéann formhór na n-institiúidí i muinín foirne sealadaí agus saoraistritheoirí. Clliceáil ar na naisc a thugtar sa bhróisiúr seo chun tuilleadh faisnéise a fháil.

Má tá sonraí uait faoi na scileanna a bhíonn á lorg ag na hInstitiúidí Eorpacha, féach na leathanaigh faoin Máistreacht Eorpach san Aistriúchán ar an láithreán seo a leanas:

[ec.europa.eu/dgs/translation/
programmes/emt/](http://ec.europa.eu/dgs/translation/programmes/emt/)

An Coimisiún Eorpach

Ateangaireacht



Is cuid den Choimisiún Eorpach é Ard-Stiúrthóireacht na hAteangaireachta. (Is é an Coimisiún Eorpach comhlacht feidhmiúcháin an Aontais Eorpaigh, agus is sa Bhruiséil atá a cheanncheathrú.) Cuireann Ard-Stiúrthóireacht na hAteangaireachta seirbhís ateangaireachta ardchaighdeáin ar fáil le haghaidh cruinnithe a bhíonn ag an gCoimisiún agus ag institiúidí eile, agus ina theannta sin eagraíonn sé comhdhálacha do sheirbhísí de chuid an Choimisiúin.

Ar na heintitis a gcuireann Ard-Stiúrthóireacht na hAteangaireachta ateangairí ar fáil dóibh tá Comhairle an Aontais Eorpaigh, Coiste na Réigiún, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, an Banc Eorpach Infheistíochta, agus gníomhaireachtaí agus oifigí de chuid an Aontais sna Ballstáit.

Féachann an Coimisiún Eorpach le seirbhísí ateangaireachta a chur ar fáil nuair a bhíonn gá leo, ar fud an domhain. A bhfuil le scéimeanna oiliúna seanbhunaithe a reáchtáiltear i gcomhar le hollscoileanna agus údaráis i mBallstáit den Aontas agus i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad (e.g. an Tuirc, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Rúis, an tSín), bíonn soláthar seasta ateangairí ar fáil ar fud an domhain.

Den 100 000 éigin lá ateangaireachta a chuireann Ard-Stiúrthóireacht na hAteangaireachta ar fáil in aghaidh na bliana, is ar na 560 ateangaire buan atá ag an Ard-Stiúrthóireacht a bhíonn leath na laethanta sin de chúram agus is ar shaor-ateangairí a bhíonn an leath eile de chúram.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag:

ec.europa.eu/dgs/scic/index.htm



Parlaimint na hEorpa

Ard-Stiúrthóireacht na hAteangaireachta agus na gComhdhálacha



Soláthraíonn Ard-Stiúrthóireacht na hAteangaireachta agus na gComhdhálacha (AS INTE) ateangairí do chruinnithe uile Parlaimint na hEorpa agus do sheirbhísí eile lasmuigh den Parlaimint, lena n-áirítear an Chúirt Iníúcháirí, Coiste na Réigiúin, an tOmbudsman Eorpach, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, an Coimisiún Eorpach i Lucsamburg agus an tIonad Aistriúcháin. Tá méadú ag teacht ar líon na gcruinnithe sin den Parlaimint a chraoltar beo ar an idirlíon. Ní hé amháin go dtugann ateangairí Parlaimint na hEorpa aghaidh ar Strasbourg gach mí do na seisiúin iomlánacha, ach bíonn siad ag siúl an domhain mhóir freisin, ag freastal i dteannta na dtoscaireachtaí ar chomhdhálacha thar lear, bíonn siad ar chuaiirteanna chuig parlaimintí eile agus ag dul ar mhísín breathnadóireachta toghcháin.

Bíonn cruinnithe go rialta ann ina ndéantar gach ceann de na 24 theanga oifigiúla a labhairt agus is minic freisin teangacha eile ar nós na Rúisise, na hAraibise agus na Sínisise á labhairt lena linn. Tá dlúthnasc ag AS na hAteangaireachta agus na gComhdhálacha leis na hollscoileanna ina gcuirtear oiliúint ar ateangairí.

Tá 294 ateangaire foirne in AS na hAteangaireachta agus na gComhdhálacha agus cuireann sí díol 110 000 lá ateangaireachta in aghaidh na bliana ar fáil; laethanta saor-ateangaireachta is ea a leath, a bheag nó a mhór.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag:

www.europarl.europa.eu/interpretation

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh



Is í an Chúirt Bhreithiúnais i Lucsamburg údarás breithiúnach an Aontais Eorpaigh agus, i gcomhar leis na cúirteanna agus leis na binsí sna Ballstáit, is í an Chúirt Bhreithiúnais a ráthaíonn go ndéantar dlí an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm agus a léirmhíniú go haonfhoirmeach. Chun rochtain chomhionann ar an gceartas a áirithiú ar fud AE, tá sé bunriachtanach go gcuirfí ar chumas na bpáirtithe iad féin a chur in iúl ina dteanga féin. Cuireann Stiúirthóireacht Ateangaireachta na Cúirte ateangaireacht chomhuaineach ar fáil agus éisteachtaí poiblí os comhair na Cúirte Breithiúnais, os comhair na Cúirte Ginearálta agus os comhair Bhinse na Seirbhíse Sibhialta.

Athraíonn líon na dteangacha a úsáidtear ó éisteacht amháin go héisteacht eile, de réir riachtanais na bpáirtithe, agus ag brath ar na Breithiúna agus ar theangacha oifigiúla na mBallstát a bhíonn i gceist. De réir na rialacha nós imeachta, caithfidh na Breithiúna a bplé a dhéanamh i seisiún iata, agus ní bhíonn na hateangairí i láthair agus an plé á dhéanamh.

Is iondúil gur i bhFraincis a dhéanann an Chúirt cásanna a phlé agus is i bhFraincis freisin a dhéanann sí a breitheanna a dhréachtú.

Caithfidh eolas sármhaith a bheith ag na hateangairí comhdhála ar a gcuid teangacha oibre go léir, ach ní leor an méid sin, tá sé chomh tábhachtach céanna go mbeidís in ann anailís a dhéanamh ar argóint an chainteora agus meabhair a bhaint aisti. Tá fiorthábhacht ag baint leis an gcruinneas sa Chúirt Bhreithiúnais, agus is dlúthchuid d'obair an ateangaire réamhstaidéar a dhéanamh ar an gcáschomhad a ullmhaítear i dteanga an cháis agus i bhFraincis. Is iondúil go gcaitheann duine eolas a bheith aige nó aici ar an bhFraincis le staidéar a dhéanamh ar chásdoiciméid, ó tharla go bhféadfadh sé nach mbeidís ar fáil i dteangacha eile.

Tá 70 ateangaire foirne ag an gCúirt Bhreithiúnais faoi láthair agus fostaíonn sí tuairim agus 300 saor-ateangaire in aghaidh na bliana, ar feadh díol 45 lá ateangaireachta in aghaidh na seachtaine oibre ar an meán.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag:

www.curia.europa.eu



An Coimisiún Eorpach

Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin



Is é atá sa Choimisiún Eorpach comhlacht feidhmiúcháin an Aontais Eorpaigh. Déanann Ard-Stiúrthóireacht Aistriúcháin an Choimisiúin – eagrais atá roinnte go cothrom, ionann is, idir an Bhruiséil agus Lucsamburg – seirbhísí teanga ardchaighdeáin a chur ar fáil, seirbhísí amhail gnáthaistriúchán, eagarthóireacht, oiriúnú téacsanna agus aistriúchán de chineál speisialta do shuíomhanna gréasáin ilteangacha.

Is é an Coimisiún Eorpach tiománaí an phróisis déanta reachtaíochta arae is é a ullmhaíonn na tograí reachtacha a chuirtear faoi bhráid na Comhairle agus na Parlaiminte. Mar aon le comhfhreagras ó na saoránaigh, ó na húdaráis náisiúnta agus ó gheallsealbhóirí, tá na tograí reachtacha sin ar an saghas téacs is mó a aistrítear sa Choimisiún.

Ní mór reachtaíocht an Aontais a aistriú go teangacha oifigiúla uile an Aontais agus a fhoilsiú agus ní bhíonn feidhm leis an reachtaíocht sin go dtí go ndéantar amhlaidh. Doiciméid a bhfuil tábhacht pholaitiúil ag roinnt leo, ní mór iad a chur ar fáil do chách, ar pháipéar nó ar an idirlíon, d'fhonn daonlathas, trédhearcacht agus dlisteanacht institiúidí an Aontais a neartú. Sna bearta rialaithe cáilíochta atá i bhfeidhm in Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin, cuirtear an-bhéim ar chruinneas, ar chomhleanúnachas agus ar jabanna a chur i gcrích faoina sprioc-am.

Tá isteach is amach le 1 600 aistritheoir agus 700 ball foirne tacaíochta fostaithe ag Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin, agus úsáidtear gach saghas nuatheicneolaíochta chun tuairim is 2 mhilliún leathanach a aistriú gach bliain. Saoraistritheoirí a dhéanann tuairim is 500 000 leathanach den mhéid sin.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag:

ec.europa.eu/dgs/translation



Parlaimint na hEorpa



Is trí vótáil chomhchoiteann dhíreach a dhéantar Parlaimint na hEorpa a thoghadh. Toghtar na 751 Fheisire, a dhéanann ionadaíocht ar bheagnach 500 milliún saoránach, i 28 mBallstát an Aontais.

Is i gcomhar le Comhairle an Aontais Eorpaigh a dhéanann an Pharlaimint reachtaíocht a rith i bhformhór mór na réimsí beartais, agus is ag méadú atá an tionchar a bhíonn ag na réimsí beartais sin ar mhuintir na hEorpa ó lá go lá; áirítear ar na réimsí sin cosaint an chomhshaoil, cearta na dtomhaltóirí, comhdhiseanna, iompar agus saorghluaiseacht oibrithe, caipitil, seirbhísí agus earraí.

Caithfidh na daoine teacht a bheith acu i dteanga a dtíre féin ar na dlíthe a mbíonn tionchar acu ar a saol. Mar reachtóir, ní mór do Pharlaimint na hEorpa a bheith cinnte go mbeidh na téacsanna a ghlacfaidh sí ar ardchaighdeán i ngach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais.

Faoi láthair, tá 660 aistritheoir agus 280 cúntóir sa Pharlaimint, agus gach duine díobh ag rannchuidiú chun riachtanais na Parlaiminte a shásamh. In aonaid teanga a oibríonn siad, agus úsáid á baint acu as uirlisí agus as feidhmchláir ardteicneolaíochta, ina measc, na bogearraí cuimhne aistriúcháin is nua amuigh.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag:

www.europarl.europa.eu/translation



An Chomhairle Eorpach agus Comhairle an Aontais Eorpaigh



Comhairle an Aontais Eorpaigh
Ardrúnaíocht

Cuireann seirbhís aistriúcháin Ardrúnaíocht na Comhairle aistriúcháin ar fáil don Chomhairle Eorpach agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh ar na doiciméid a bhíonn ag teastáil uathu dá gcuid imeachtaí. Is doiciméid bheartais iad a bhformhór, doiciméid a mbíonn teacht ag muintir na hEorpa orthu a luaithe a fhorghéar iad, sin nó is píosaí reachtaíochta iad a mbíonn feidhm leo maidir le saoránaigh an Aontais, go díreach nó nuair a dhéantar dlí díobh sna Ballstáit.

Is é an ról atá ag an gComhairle Eorpach (Comhairle na gCeann Stáit nó Rialtais) an spreagadh is gá a thabhairt don Aontas ionas go dtiocfaidh forbairt air, agus treoirlínte agus tosaíochtaí ginearálta polaitiúla a shainiú don Aontas.

Murab ionann agus an Chomhairle Eorpach, is i gcomhar le Parlaimint na hEorpa is mó a ritheann an Chomhairle (Comhairle na nAirí) reachtaíocht, lena n-áirítear an buiséad a shocrú, agus bíonn beartais á leagan amach agus feidhmeanna comhordúcháin á gcur i gcrích freisin aici.

Is iondúil, ar leibhéal na Comhairle agus ar leibhéal na Comhairle Eorpaí, go gcaitheann na doiciméid sin a mbíonn cinntí á mbunú orthu a bheith ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais. Tá 24 aonad sa tseirbhís aistriúcháin, ceann do gach teanga, agus tá 688 n-aistritheoir agus 262 chúntóir ar an iomlán fostaithe aici.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag:

www.consilium.europa.eu
www.consilium.europa.eu/Dga3/Translation-Department



Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh



Tá an tSeirbhís Aistriúcháin, seirbhís atá roinnte idir an Chúirt Bhreithiúnais, an Chúirt Ghinearálta agus Binse na Seirbhíse Shibhialta, freagrach as aistriú na ndoiciméad a bhaineann leis na himeachtaí a thionscnaítear os comhair na dtrí Chúirt de chuid AE. Déantar an t-aistriúchán de réir rialacha éigeantacha teanga agus clúdaítear teangacha oifigiúla AE.

Ós rud é gur téacsanna dlí iad na doiciméid a aistrítear – amhail pléadálacha agus breithiúnais - ar doiciméid iad atá an-teicniúil, ní chheadaítear ach do dhaoine atá láncháilithe mar dhlíodóirí aistriú agus obair mar dhlítheangeolaithe.

Féachann thart ar 600 dlítheangeolaí leis na riachtanais laethúla aistriúcháin a chur i gcrích. Le linn na n-imeachtaí, bíonn ról tábhachtach acu maidir le cumarsáid idir na páirtithe agus na breithiúna.

Is í Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin an tseirbhís is mó san institiúid. Áirítear sa tseirbhís aonad teanga do gach teanga oifigiúil inar gá cásdlí na Cúirte a aistriú, agus 3 aonad fheidhmiúla ina gcomhordaítear gach iarraidh ar aistriúchán agus ina ndéantar taighde, doiciméadú, téarmaíocht, oiliúint agus sain-uirlisí TF don aistriúchán a chur ar fáil.

Deiseanna fostaíochta

Foireann Bhuan: europa.eu/epso

Foireann ar Conradh agus Cúrsaí Oiliúna: www.curia.europa.eu

(féach: Poist agus Cúrsaí Oiliúna)

Saoraistriúchán: www.curia.europa.eu (féach Cuirí chun tairisceana)

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag:

curia.europa.eu/jcms/jcms/Jo2_10742



Cúirt Iniúcháin na hEorpa - CIE



Is roinn ilchultúrtha í Stiúirthóireacht Aistriúcháin agus Seirbhísí Teanga Chúirt Iniúcháin na hEorpa ina bhfuil thart ar 140 ball foirne a thagann ó Bhallstáit uile an Aontais Eorpaigh.

Oibríonn na haistritheoirí i 23 fhoireann aistriúcháin agus clúdaítear gach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh. Is mar aon bhuíon amháin a oibríonn na cúntóirí agus bíonn siad i mbun cúraimí tacaíochta. Tá Foireann Comhordúcháin agus Pleanála ann freisin.

Is í príomhghníomhaíocht Chúirt Iniúcháin na hEorpa cúrsaí airgeadais an Aontais Eorpaigh a iniúchadh, agus is é misean na Stiúirthóireachta Aistriúcháin agus Seirbhísí Teanga a áirithiú gur féidir torthaí ó iniúchtaí a léamh i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais. Déanaimid

aistriúcháin ardchaighdeán ar dhoiciméid a dhréachtaítear laistigh den Chúirt Iniúcháin chun críocha inmheánacha agus lena bhfoilsíú, chomh maith le comhfhreagras le Ballstáit an Aontais.

Cuireann aistritheoirí cúnaimh teanga ar an láthair ar fáil chomh maith d'iniúcháin atá ar misean i dtíortha éagsúla an Aontais. Tá an téarmaíocht a úsáidtear éagsúil, ach tá sí bunaithe den chuid is mó ar an teanga a bhaineann le hiniúcháireacht, le hairgeadas agus le heacnamaíocht.

Maidir le poist bhuana, déanann an Stiúirthóireacht Aistriúcháin agus Seirbhísí Teanga a cuid earcaíochta trí chomórtais EPSO, ach mar sin féin, féadaimid conarthaí gearrthréimhseacha agus cúrsaí oiliúna a thairiscint chomh maith.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag:

www.eca.europa.eu



An Banc Ceannais Eorpach - BCE



EUROPEAN CENTRAL BANK

EUROSYSTEM

Bunaíodh an Banc Ceannais Eorpach i 1998 agus tá sé lonnaithe in Frankfurt mar mhól don Chóras Eorpach Banc Ceannais agus don Sásra Maoirseachta Aonair. Tá 2 500 ball foirne ag BCE, agus tá cobhsaíocht praghsanna a chothabháil sa limistéar euro mar phríomhchuspóir aige, agus oibríonn sé chun cobhsaíocht airgeadais a chosaint agus chun comhtháthú airgeadais Eorpach a chur chun cinn. Déanann BCE maoirseacht ar bhainc sa limistéar euro freisin.

Déanann BCE cumarsáid i 23 theanga oifigiúla AE lena phobail sheachtracha – arb iad na margaí airgeadais idirnáisiúnta, Saoránaigh na hEorpa, údaráis Eorpacha agus náisiúnta, na meáin agus na bainc ar a ndéanann sé maoirseacht.

Fostaíonn BCE dlítheangeolaithe chun a ghníomhartha dlíthiúla a ullmhú, agus aistritheoirí chun doiciméid a dhéantar go himhneánach i mBéarla a chur in eagar,

agus chun a thuarascálacha, a fhoilseacháin oifigiúla agus a chuid ábhar eile a eisítear i dteangacha oifigiúla AE a aistriú, a athbhreithniú agus a phrofáil.

Baineann teangeolaithe BCE úsáid as uirlisí aistriúcháin ríomhchuidithe, agus cuireann saineolaithe i dtéarmaeolaíocht agus i dteicneolaíocht teanga tacaíocht ar fáil dóibh. Comhoibríonn siad go dlúth leis na teangeolaithe agus leis na saineolaithe a oibríonn sna bainc cheannais agus sna húdaráis maoirseachta baincéireachta sna Ballstáit agus in institiúidí eile AE. Bíonn dlítheangeolaithe agus aistritheoirí ag brath ar thacaíocht ó shaor-shainchomhairleoirí, agus is trí nósanna imeachta iomaíocha tairisceana a sholáthraítear a gcuid seirbhísí.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag:

www.ecb.europa.eu



Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh



Cuireadh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh ar bun i 1994 i Lucsamburg chun seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí díláraithe eile AE agus chun cabhrú leis na hinstitiúidí agus comhlachtaí sin de chuid AE a bhfuil a seirbhísí aistriúcháin féin acu, i mbuaic-amanna an ualaigh oibre. Sa lá inniu, agus 200 ball foirne aige, déanann sé obair aistriúcháin do 61 ghníomhaireacht, institiúid agus comhlacht eile de chuid AE. Sa bhliain 2015, b'ionann aschur an Ionaid agus 730 000 leathanach d'aistriúcháin.

Is é dara príomhchuspóir an Ionaid cur le comhoibriú idirinstitiúideach idir seirbhísí aistriúcháin éagsúla AE, agus an aidhm atá ann modhanna oibre a réasúnú, nósanna imeachta a chomhchuibhiú agus coigiltí foriomlána a dhéanamh i réimse an aistriúcháin.

Tá seoladh thionscadal IATE (Téarmaíocht Idirghníomhach don Eoraip) ag an Ionad Aistriúcháin ar na héachtaí is suntasaí den chomhoibriú sin. Cuireadh bunachar sonraí téarmaíochta IATE ar fáil don phobal in 2007, rud a thugann le chéile acmhainní téarmaíochta sheirbhísí aistriúcháin go léir AE. Is é IATE an bunachar sonraí téarmaíochta is mó ar domhan sa lá inniu, agus 8 milliún téarma le fáil ann.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag:

www.cdt.europa.eu



Coiste na Réigiún agus Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

EUROPEAN UNION



Committee of the Regions



European Economic and Social Committee

Is dhá chomhlacht comhairliúcháin de chuid an Aontais Eorpaigh iad Coiste na Réigiún agus Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus cuireann siad ionchur ar fáil ó ionadaithe réigiúnacha Eorpacha agus ó eagraíochtaí gairmiúla Eorpacha maidir le reachtaíocht Eorpach atá beartaithe. Tá a gceanncheathrú ag an dá chomhlacht sa Bhruiséil agus tagann a gcomhaltaí as gach tír de chuid an Aontais Eorpaigh. Freastalaíonn an Stiúrthóireacht Aistriúcháin ar an dá Choiste.

Is ina dteanga féin a dhéanann na comhaltaí doiciméid a chur a fháil agus a dhréachtú. Bíonn meas ar leith i measc na n-aistritheoirí ar eolas ar theangacha nach bhfuil comhforleathan sin. Tá 270 aistritheoir ag an Stiúrthóireacht.

Léirítear sna hábhair a chlúdaítear sna haistriúcháin réimse iomlán reachtaíocht na hEorpa, agus mar sin bítear ag súil leis go mbeidh cumas ginearálta faoi leith ag na haistritheoirí mar aon le scileanna maithe taighde agus scileanna sármhaithe cumarsáide, d'fhonn teachtaireachtaí soiléire a chur chuig reachtóirí na hEorpa agus freisin chuig pobal na hEorpa i gcoitinne.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag:

www.eesc.europa.eu
www.cor.europa.eu



An Banc Eorpach Infheistíochta



An Banc Eorpach
Infheistíochta



Is é an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) institiúid iasachta fadtéarmaí an Aontais Eorpaigh. Tá sé faoi úinéireacht Bhallstáit AE agus maoiníonn sé tionscadail faoina gcuirtear chun cinn forbairt gheilleagrach agus lánpháirtiú na hEorpa. Chomh maith le tacú le tionscadail sna Ballstáit, áirítear lena chuid príomhthosaíochtaí iasachta maoiniú a chur ar fáil d'infheistíochtaí stuama i dtíortha a bheidh ina mBallstáit amach anseo agus i dtíortha comhpháirtiúchta.

Is i Lucsamburg atá ceanncheathrú BEI, agus tá timpeall is 30 oifig sheachtrach aige ar fud an domhain. Tá thart ar 2 900 duine fostaithe ann.

Ina gcáil mar chuid d'Ard-Rúnaíocht BEI, soláthraíonn na Seirbhísí Teanga na seirbhísí seo a leanas don Bhanc: aistriúchán, eagarthóireacht, léamh profaí agus comhairle téarmaíochta.

Tá timpeall is 30 aistritheoir gairmiúil inmheánach ag na Seirbhísí Teanga (agus baill foirne tacaíochta) agus baineann siad leas as soláthraithe seachtracha seirbhíse teanga. Déanann siad aistriúcháin a bhainistiú agus a sholáthar i ngach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh, chomh maith le roinnt teangacha neamh-AE, an Araibis, an Rúisis agus an tSeapáinis, mar shampla.

Tá a nósanna imeachta earcaíochta féin ag BEI agus foilsíonn sé folúntais ar a láithreán gréasáin.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag: www.eib.org

www.eib.org

Nótaí ...











Táirgthe do ICTI ag:
**Ard-Stiúrtóireacht na
hATEANGAIREACHTA**
An Coimisiún Eorpach
2016